

agus teach braiche. Faoi thús na 20ú haoise, bhí seirbhísí Phobal Giúdach Chorcaí á dtionól i dhá fhoirgneamh ar leith ar an Ardán Theas, ach d’oscail siad sionagóg saintógtha nua ann in 1915, atá fós in úsáid inniu, in ainneoin go hannamh. Bhí dlúthcheangal ag teaghlach James Joyce, duine de scríbhneoirí iontacha na hÉireann, leis an gceantar seo chomh maith. D’fhás a athair suas sa teach a sheas ag deireadh an Ardáin Theas agus bhí gnólacht ag a sheanathair in aice láimhe. Bhí roinnt maoiné ag an gclann ar Shráid de Faoite chomh maith agus tugadh Cúirt Joyce ar fhorbairt tithíochta úrnua ar an suíomh, ag cur na gceangal stairiúil le teaghlach Joyce i gcuimhne.

Ag leanúint na dtreoracha ó phlaic Ché Sheoirse:

Ag trasnú an bhóthair ticfarr ar chuid de Chorcaigh a bhí ina thalamh riascach roimhe seo. I lár na 18ú haoise, tugadh Riasc Allen, agus níos déanaí, Oileán na hAontachta, ar an gceantar idir Ché na hAontachta agus Shráid Anglesea an lae inniu, chun comóradh a dhéanamh ar Acht an Aontais sa bhliain 1801 a chruthaigh an Ríocht Aontaithe ag cuimsiú na Breataine Móire agus Éire. Faoi na 1830aidí bhí an ceantar tugtha chun míntíreachais agus cuireadh Sráid Copley in áit sean-duga a bhí lonnaithe anseo. Sheas ceanncheathrú Chonstáblacht Ríoga na hÉireann ar Ché na hAontachta, agus rinneadh Ceanncheathrú na nGardaí de níos déanaí go dtí tús na 1990aidí. D’oscail an tArdmhéara ag an am, Gerald Goldberg, an t-aon Giúdach a bhí sa phost clúiteach seo riamh, Droichead na Tríonóide i 1977. Cé go gcuireann ainm an droichid Séipéal na Tríonóide Naofa i gcuimhne, is minic a thugann muintir Chorcaí Droichead Cásca na nGiúdach air de bharr an cheangail le Gerald Goldberg agus a chóngaracht leis an tсионagóg. Os do chomhair anois tá foirgneamh mórthaibhseach an Choláiste Tráchtála a osclaíodh i 1938, cé gur breisiú úrnua í mír an dín. Ar aghaidh linn anois go dtí Séipéal na Tríonóide Naofa galánta de chuid na Caipisíneach, foirgneamh a bhí á thógáil ar feadh tréimhse fhada. Cruthaíodh na toisí atá ann inniu idir an tréimhse nuair a leagadh an bhunsraith in 1832 agus nuair críochnaíodh an sanctóir i 1908.

Ag leanúint na dtreoracha ó phlaic na Tríonóide Naofa:

Faoi mar a shroichtear Sráid an Athar Maitiú, tá an foirgneamh ar thaobh na láimhe deise i seilbh an chraoltóra stáit RTÉ anois, ach is ann a bhí an Cuideachta Gáis Chorcaí i dtosach. Ansin sroichtear Halla an Athar Maitiú, a d’oscail na Caipisínigh i 1907 mar áit áineasa, gan cathú an alcóil, do bhaill na gcumann ólacháin. Rinneadh ionad amharclannach móréilimh i measc muintir Chorcaí de níos déanaí agus bíonn sé ina óstach fós don Fheis Mathiú bliantúil, atá á reáchtáil ann ó 1927. Má théitear thar an halla, tá foirgneamh ann ina raibh séipéal uair amháin do Phreispitéirigh Albanach, Séipéal na nAlbanach, faoi mar a tugadh air, a osclaíodh in 1841 agus a bhí in úsáid

go dtí gur dúnadh é i 1928. Táthar ag sroicheadh ceann de na sráideanna is mórthaibhsí i gCorcaigh anois, agus ceann eile d’iar-uiscebhealaí na cathrach, an Meal Theas. Níor forbraíodh an abhainn ina sráid go dtí tús na 19ú haoise. Tá sí lán de shamplaí iontacha d’ailtireacht agus de ghnéithe neamhghnácha. Ó bhainc, óstáin, clubanna na bhfear uasail, folcthaí Turcacha, pictiúrlanna, leabharlanna agus cuimhneacháin chogaidh, tá gach uile ní tarlaithe ar an sráid seo. Tá an sean-Bhanc Cúige ar cheann de na foirgnimh is galánta i gCorcaigh agus é suite ag deireadh thoir an Mheal. Ba é Óstán an Imperial an chéad fhoirgneamh mór le rá a tógadh ann nuair a d’oscail sé in 1813 mar na Foirgnimh Thráchtála. I measc na struchtúir is luaithe tá na huimhreacha 73 & 74 atá tógtha as bríic, a dhátaíonn siar go dtí an 18ú haois agus ré nuair a bhí an tsráid fós ina uiscebhealach, le báid seoltóireachta ag déanamh gnó san áit ina bhfuil mótarfheithiclí ag tiomáint thart inniu. Níl fágtha de na sean-Seomraí Tionóil ach éadan maisiúil uimh. 22 An Meal Theas, ionad le haghaidh gach saghas cruinnithe agus eachtra amharclannach ar feadh níos mó ná céad tar éis dó oscailt in 1861 agus ba é an chéad pictiúrlann i gCorcaigh chomh maith.

Ag leanúint na dtreoracha ó phlaic an Mheal Theas:

Buailtear le dhá shéadchomhartha breá ag deireadh thiar an Mheal Theas. Sa pháirc ar thaobh na láimhe clé tá an Cuimhneachán Cogaidh a nochtadh ar Lá Fhéile Pádraig 1925 chun comóradh a dhéanamh ar mhuintir Chorcaí a cailleadh sa Chéad Chogadh Domhanda. Díreach ina dhiaidh sin tá an Séadchomhartha Náisiúnta galánta, a nochtadh ar Lá Fhéile Pádraig 1906 chun comóradh a dhéanamh ar Éirí Amach na hÉireann sna blianta 1798, 1803, 1848 agus 1867. Bhí balla thoir seanchathrach meánaoiseach Chorcaí san áit ina seasann na foirgnimh ar thaobh thiar an ardáin de chuid Sráid an Chapail Bhuí. Tá cuid den bhalla seo le feiceáil díreach laistigh de gheataí Pháirc an Easpaig Uí Luasa. Ba thalamh riascach a tugadh chun míntíreachais agus a forbraíodh le linn na 18ú haoise é an talamh i dtreo an oirthir, áit ina bhfuil lár na cathrach inniu. Bhí lár na cathrach lonnaithe i dtreo an iarthair i dtosach, feadh na bPríomhshráideanna Thuaidh agus Theas, ach tosaíodh ag leagan seanbhallaí na cathrach tar éis Léigir Chorcaí sa bhliain 1690 agus, faoi mar a forbraíodh an talamh mórthimpeall, d’aistrigh príomhfhócas na cathrach de réir a chéile go dtí an suíomh atá ann i láthair na huaire, dírithe ar Shráid Naomh Pádraig. Is ar Shráid an Chapail Bhuí atá ceann de na nithe is mó spéise i gCorcaigh, an Margadh Sasanach, agus tá an-tóir air i measc daoine áitiúla agus cuairteoirí araon. D’oscail sé i 1788, thart ar an am ina raibh an t-athrú ó uiscebhealach go sráid á chur i gcrích, agus tá sé ag freastal ar an gcathair ar a bhealach speisialta féin le níos mó ná dhá chéad bliain anuas. Ba cheart do chuairteoirí uile Chorcaí aithne a fháil ar radharcanna, fuaimeanna agus boláir an tsuímh uathúil seo.

Innéacs

Sráid an Acadaimh E1
Cé an Athar MaitiúF3
Sráid an Athar Maitiú.....G3
An tArdán TheasH4
Ardeaglais Naomh Fionn Barra B4
Cé na hAontachta H3
Sráid na BeairiceC4
Grúdlann Beamish agus Crawford .C2
Stáblaí Grúdlainne Beamish agus Crawford B3
Cnoc Bheinéid B4
Sráid an Bhiocháire B4
Lána Uí Chiardha E1
Sráid an ChaisleáinC1
Coláiste Ealaíne is Deartha A3
Coláiste Tráchtála.....G3
Sráid Cook F1, F2
Sráid Copley.....H3
Sráid an Chamais E4
Sráid an Chapail BhuíD1
Clochar na Toirbhearta Theas..... E4
Clochar Naomh Muire an Oileáin. B3
Cuimhneachán Cogaidh E3
Cearnóg DauntD1
Sráid an Déin A4
Sráid na Dúghlaise..... F4
Sráid Dunbar..... F4
Sráid an Dúin B4
Páirc an Easpaig Uí LuasaD2
Sráid an EaspaigA4
Dún EilíseC4
Cé an FhrinsighC3
Sráid de FaoiteG4
Sráid Mhainistir Ghiolla Aodha..... A4
Droichead an Gheata TheasD3
Sráid Hanover B2
Teach James Morrison.....G4
Cnoc KeyserC4
Cé Lancaster A2
Sráid na Mainistreach..... E4
Sráid na Manach E4
Sráid Marlborough F1
Sráid Mhuire F4
Sráid MorganF2
Cé an MhuiríosánaighG3
An Mhainistir Dhearg F4
Sráid an Mhuilinn ShábhadóireachtaH4
An Meal Theas F2, E3
An Margadh Sasnach.....D1
Droichead Coise Nanó de Nógla.. E3
Tuama Nanó de Nógla F4
Sráid Naomh Pádraig D1, E1
Sráid Oilibhéir Phluincéid E2, F2
Oifig Turasóireachta..... E2
Droichead na Parlaiminte.....F3
Sráid Phóil.....D1

Sráid an Phrionsa..... E1, E2
Droichead Proby.....C3
Cé ProbyC3
An Phríomhshráid TheasC2
Cearnóg an RathúnaisD4
Sráid ReidC4
Foirgnimh Shíorghlasa.....D4
An tSráid Shíorghlas..... D4, E4
Cé Sheoirse.....F3, G4
Sráid na SaoirseC1
Séadchomhartha Náisiúnta..... E3
Seanchaisleán na BanraíonaD1
Scoil Cheoil ChorcaíH3
Sráid Sharman CrawfordA3
Sráid na SéarachC1
Eaglais an tSéipéil Theas F4
Séipéal San Nioclás.....D4
SionagógH4
Sráid an Teampaill Fhrancaigh..... E1
Sráid an Tionscail.....D4
Droichead Coise na TríonóideG3
Sráid TuckeyD2
Cé Uí Shúileabháin..... E3
Cé Wandesford B2
Sráid WashingtonB2, C2

Painéil Eolais

- Cearnóg DauntD1
- Sráid an Chapail Bhuí.....D2
- Droichead an Gheata Theas.....D3
- Sráid an Easpaig.....B4
- Ardeaglais Naomh Fionn Barra.....A4
- Dún Eilíse.....C4
- Séipéal San Nioclás E4
- An Mhainistir Dhearg..... F4
- Eaglais an tSéipéil Theas..... F4
- Cé Sheoirse.....G4
- Séipéal na Tríonóide NaofaG3
- An Meal TheasF2

www.corkcity.ie

smartertravel >>>

Léiríonn an tionscadal seo do dtacalonn an Rialtas le rothlaocht agus siúlóid mar modhanna taistil is inbhuanaithe.

EUROPEAN MOBILITY WEEK

COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL

smartertravel >>>

www.corkcity.ie

smartertravel >>>

www.corkcity.ie

smartertravel >>>

www.corkcity.ie

smartertravel >>>

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le

Comhairle Cathrach Chorcaí
An Rannóg Tráchta
Teil: 021 492 4452
rphost: traffic@corkcity.ie



SIÚLÓIDÍ CHORCAÍ

AN PARÓISTE THEAS

smartertravel >>>

www.corkcity.ie

smartertravel >>>

www.corkcity.ie

smartertravel >>>

FÁILTE go Siúlóidí Chorcaí agus chuig an siúlóid seo i gceantar an Pharóiste Theas ach go háirithe. Is turas siúil féintreoraithe é seo ar cheann de na codanna níos sine de cheantar lár cathrach theas Chorcaí agus tógann sé díreach os cionn uair an chloig.

Tá trí ghné ag baint leis an siúlóid seo. Cuireann an bhileog seo síos ar an siúlóid agus ar na radhairc ar an mbealach. Tá léarscáil mionsonrach ag baint léi freisin. Tá comharthaí treorach (siombailí siúil gorma) i gcaitheamh na siúlóide chun cabhrú le treoir a thabhairt duit. Tá 12 painéal eolais suite ag pointí spéise éagsúla ar an mbealach. Tugtar cur síos gearr iontu ar áiteanna agus imeachtaí sna láithreacha sin.

Ar an mbealach tá go leor foirgneamh spéisíúil atá ar oscailt don phobal agus a bhfuil bileoga eolais iontu. Ina theannta sin, tá tuilleadh ábhar treorach ar an gCathair agus ar mhórchéantar Chorcaí san Oifig Turasóireachta, ar Shráid an Chapail Bhuí. Le do thoil tóg sos ar an mbealach, agus buail isteach inár n-eaglaisí, músaeim, agus caiféanna.

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an tsiúlóid seo i gCorcaigh.

smartertravel >>>

www.corkcity.ie

smartertravel >>>

www.corkcity.ie

Léiríonn an tsiúlóid seo forbairt na Cathrach ón tús uisciúil chuig an bhforbairt tionsclaíoch ó mhuilté go grúdlanna agus trasnaíonn sé roinnt de na codanna stairiúla is suntasaí de cheantar theas Chorcaí.

Déantar ceiliúradh ar éagsúlacht chreidimh na Cathrach ar an mbealach seo agus áirítear áiteanna cosúil le hArdeaglais Naomh Fionn Barra, uaigh Nanó de Nógla ag Clochar na Toirbhearta Theas, an Mhainistir Dhearg chomh maith leis an Sionagóg ar an Ardán Theas. Ina theannta sin, cuimhnítear ar theaghlaiigh agus daoine aonair mór le rá ó aimsir chaite Chorcaí sna logainmneacha a mbuailtear leo feadh an bhealaigh.

Tá leanúnachas agus athnuachan cuimsithe i saol na cathrach. Tá súil againn go gcuirfidh an tsiúlóid seo le tuiscint ar na próisis sin i saol na cathrach seo.

Siúlóid an Pharóiste Theas

Ag leanúint na dtreoracha ón bplaic ar Chearnóg Daunt:


Faoi mar a shiúlann tú ar Shráid an Chapail Bhuí, samhlaigh gur uiscebhealach mór a shreabh lasmuigh de bhalla thoir Seanchathair Mheánaoiseach Chorcaí a bhí sa talamh soladach atá anois ann, go dtí an dara leath den 18ú haois. Ar thaobh na láimhe deise gabhfar thar aghaidh 19ú haoise galánta an tsiopa ilrannaigh mhóir ar a dtugtaí Seanchaisleán na Banríona, ainm a chuireann ceann de phríomh-túir na cathrach múrtha i gcuimhne, Caisleán na Banríona, agus meastar gur é ceann de na túir atá léirithe ar Armas Chorcaí. Críochnaíodh mór-chosbhealach Sráid Washington in 1824 agus tugadh Sráid Mhór Sheoirse uirthi ag an am, i ndiaidh Rí Seoirse IV. I 1918 d’athainmnigh Bardas Chorcaí í in onóir don chéad Uachtarán i Meiriceá, George Washington. Ba iad na geataí iontrála mórthabhseacha ar Pháirc an Easpaig Uí Luasa a bhí mar bhealach isteach ar shean-Mhargadh an Arbhair a bhí ar Shráid Angelsea tráth, ar chúl Halla Cathrach Chorcaí. Cuireadh in airde anseo iad i 1985, nuair a osclaíodh an pháirc chun comóradh 800 bliain de bhronnadh na céad cairte cathrach Chorcaí a cheiliúradh in 1185.

Ag leanúint na dtreoracha ó phlaic Shráid an Chapail Bhuí:

Ainmníodh Sráid Tuckey, ar a tugadh Lána Tuckey roimhe seo, i ndiaidh Timothy Tuckey, Méara Chorcaí i 1677. Rinneadh “Sráid” den “Lána” sa bhliain 1761, agus cuireann plaic aolchloiche suite idir uimhreacha 7 agus 8 an t-eachtra sin i gcuimhne. Bhí a lán maoine ag muintir Tuckey sa cheantar seo, agus tugadh Cé Tuckey ar chuid de cheantar thiar Shráid an Chapail Bhuí chomh maith, nuair a bhí sé fós ina uiscebhealach. Is é Lóiste an Saoir Chloiche an chéad fhoirgneamh lena mbaileann tú ar thaobh na láimhe deise, foirgneamh ón 18ú haois ina bhfuil Chéad Lóiste na hÉireann. Ag teacht ar an bPríomhshráid Theas, tiocfaidh tú ar chroílár cathair mheánaoiseach Chorcaí. Bhí sé seo mar chuid de phríomhshráid na seanchathrach idir na droichid ag an nGeata Theas agus an Geata Thuaidh. Tógadh oifigí nua-Túdaracha na iar-Ghrúdlainne Beamish agus Crawford thart ar 1920.

Ag leanúint na dtreoracha ó phlaic Dhroichead an Gheata Theas:

Ainmníodh Cé an Fhrinsigh i ndiaidh James French, ceannaf fionna agus Méara Chorcaí i 1696. I dtús báire, níor tugadh Cé an Fhrinsigh ach ar chuid den ché seo. Bhí roinnt maoine lonnaithe feadh balla an ché ag gabháil siar ó Dhroichead an Gheata Theas agus tugadh Globe Lane ar an gcosbhealach os a gcomhair seo. Níor tugadh Cé an Fhrinsigh ar an gcé iomlán go dtí 1872, tar éis na maoine seo a scartáil. Gabhfaidh tú thar cnoc céimnithe, caol ar a dtugtar Cnoc Keyser, ar thaobh na láimhe clé. Is ainm Lochlannach é seo agus léiríonn sé go bhfuil sé ar cheann de na cosbhealaí is sine i gCathair Chorcaí. Os comhair Cnoc Keyser tá droichead an-neamhghnách,



Droichead Proby. Is leath dhroichead atá ann i ndáiríre, toisc go bhfuil an chuid thiar den droichid mar chuid den bhóthar anois. Rinneadh lintéir de seanchainéal na habhann agus ritheann sí siar faoin dromchla bóthair nua-aimseartha. Coinníonn an bóthar an t-ainm Cé Proby fós, ag cur an tsean-uiscebhealach a bhí os a chomhair i gcuimhne.

Ag leanúint na dtreoracha ó phlaic Shráid an Easpaig:

Ar thaobh thuaidh na sráide, tógadh seanstáblaí na Grúdlainne Beamish agus Crawford thart ar 1902 de réir dearthaí Houston & Houston. Leagadh bunshraith de chuid clochair Naomh Muire an Oileáin in 1850 agus críochnaíodh laistigh de dhá bhliain é. Cuireadh foirgnimh bhreise, cosúil le scoileanna, séipéal, agus dlíleachtlann leis an gcoimpléasc le linn an chuid eile den aois sin. Faoi mar a chastar an choir i Sráid an

Easpaig chun do shlí a dhéanamh chuig geataí na hardeaglaise, feictear na geataí d’ionad cónaithe Easpag Eaglais na hÉireann, Paul Colton, a d’fheidhmigh ag pósadh an pheileadóra David Beckham agus Victoria Adams i 1999, ar thaobh eile na sráide. Seasann Teach Carrigbarre galánta na 18ú haoise taobh leis na geataí sin. Téigh isteach go tailte na hardeaglaise agus táthar ag seasamh ar an áit as a d’fhás bunús ár gCathair Chorcaí iontach, agus áit adhartha ar feadh ceithre aois déag.

Ag leanúint na dtreoracha ó phlaic Ardeaglais Naomh Fionn Barra:

Ar fhágáil na hardeaglaise sroichfidh tú Sráid an Déin, tugadh an t-ainm sin uirthi mar is ann a chónaigh Déan Naomh Fionn Barra le roinnt aoiseanna anuas. Tógadh Teach Déin nua siar ó Shráid an Déin le déanaí. Tá geata i mballa teorann na hardeaglaise,

agus tá áirse snoite galánta le feiceáil laistigh de. Ba é seo an bealach isteach a bhí ar ardeaglais na 18ú haoise roimhe sin, agus cuireadh anseo é i ndiaidh a scartála sna 1860aidí. Níos faide ar aghaidh, tá Sráid an Bhioicáire ar thaobh na láimhe deise, áit ina meastar go seasann roinnt de na tithe is sine i gCorcaigh. Díreach os comhair Sráid an Bhioicáire, tá seanáirse le feiceáil i mballa teorann na hardeaglaise, arís bhí sé seo mar chuid den seanardeaglais bunaidh ón 18ú haois. Ag teacht ar Shráid an Dúin, féadtar ceannasacht balla theas Dhúin Eilse a fheiceáil, óna bhfaigheann an tsráid a hainm. Tá Sráid na Bearaice ar cheann de na codanna cónaithe is sine i gCorcaigh agus ag an deireadh theas tá áit bhreithe an Ghinearáil Daniel Florence O’Leary, laoch ollmhór i gcodanna de Mheiriceá Theas de bharr a chuid troda ar son

neamhspleáchais ó riai Spáinneach. I rith Léigir Chorcaí i 1690, sheas an Dún in aghaidh ionsaithe ó thrí thaobh, ach caitheadh é a ghéilleadh nuair a thit an chathair. Ar thaobh na láimhe clé, díreach laistigh den bhealach isteach sa Dún, seasann ceann den líon beag scáthlán aer-ruathair a mhaireann i gCorcaigh ó aimsir an Dara Cogadh Domhanda.

Ag leanúint na dtreoracha ó phlaic Dhún Eilse:

Ba é Lána na Bearaice an t-ainm a bhí ar na Foirgnimh Shíorghlasa tráth agus tógadh an tsraith neamhscoite néata de thithe na mbrící dearga, chomh maith le go leor eile sa cheantar seo, i rith na 1870aidí agus na 1880aidí tar éis na bpasáistí cúnga, neamhshláintiúla agus na seantithe i ndrochriocht a sheas anseo roimhe seo a ghlanadh. Tabharfaidh sé seo chomh fada le Sráid an Tionscail tú, agus tógadh an chuid de ar a bhfuil tú ag siúl anois as an nua thart ar an am céanna. Soir ón sráid seo sheas sean-Scoil an Chóta Ghoirm, a mhúin buachaillí Protastúnacha agus a chur amach ar phrintíseach iad go ceirdeanna éagsúla ó thart ar an mbliain 1700 go dtí 1916. Sheas Séipéal Naomh Stiofán agus an tOspidéal Lobhar ar an suíomh seo roimhe sin. Anois táthar os comhair cúl Iar-Eaglais na hÉireann San Nioclás. Seasann sé ar shuíomh atá gafa ón 12ú aois ar a laghad, nuair a bhí a Chúirt ag an ceannaire deireanach ar na Ostmen, an t-ainm a tugadh do shliochtaigh na lonnaitheoirí Lochlannacha i gCorcaigh, Gilbert, mac Turgarius, anseo. Tá séipéal tiomanta do Shan Nioclás ag seasamh anseo ó thart ar an mbliain 1177, agus is é an séipéal atá ann i láthair na huaire, a d’oscail in 1850, an tríú ceann le seasamh ar an suíomh seo.

Ag leanúint na dtreoracha ó phlaic Shéipéal San Nioclás:

Tá roinnt athruithe tagtha ar ainm an chosbhealaigh a chuimsíonn Sráid na Mainistreach agus Sráid na Dúghlaise araon inniu ón uair a tugadh Lána na Mainistreach Deirg air ar dtús thart ar 1726. Faoi dheireadh na 18ú haoise, bhí sé roinnte ina dhá chuid, le Lána na Mainistreach (Sráid na Mainistreach anois) tugtha ar an deireadh thiar agus Lána an Chamais (Sráid na Dúghlaise anois) tugtha ar an deireadh thoir. Tá Sráid an Chamais suite ó thuaidh ó Shráid na Mainistreach, agus is ann a chónaigh beirt mhór fhigiúr na hÉireann ón 19ú haois, an dealbhóir John Hogan agus “an tAspal in aghaidh an Ólacháin”, an tAthair Maitiú. Tá láithreán stairiúil de thábhacht náisiúnta suite ar thaobh theas Sráid na Dúghlaise, áit ar chuir Nanó de Nógla bonn le hoideachas Caitliceach do na sluaite san 18ú haois. Bhí na Péindlíthe fós i bhfeidhm ag an am sin, ach thug sí neamhaird ar a leas féin trí dhóchas a thabhairt dóibh siúd is boichte sa tsochaí go mbeadh todhchaí níos fearr acu. Ba chóir d’aon chuairteoir go Corcaigh cuairt a thabhairt a tuama ar shuíomh Chlochar na Toirbhearta Theas. Tiocfar ar an bpíosa ailtireachta is sine sa chathair, ag dhátaíonn siar go dtí an 14ú haois, ag dul isteach ar shuíomh Túr na Mainistreach Deirg. Is é sin atá fágtha den Mhainistir Agaistíneach Dearg.

D’úsáid John Churchill, Iarla Marlborough, an túr mar ardán radhairc le linn Léigir Chorcaí i 1690 chun lámhach canóna a sheoladh ar sheanbhallaí na cathrach. Baineadh úsáid as an mainistir mar scagann síúcra ag deireadh na 18ú haoise. Tugadh Teach Siúcra na Mainistreach Deirg air agus scrios tine ollmhór i 1799 mórán dá chuid foirgneamh. Thug na húinéirí ag an am an túr don chathair sa bhliain 1951.

Ag leanúint na dtreoracha ó phlaic na Mainistreach Deirg:

Faoi mar a ghabhtar tríd Sráid na Mainistreach Deirg, tabhair faoi deara éagsúlacht neamhghnách na doirse sna tithe ar dhá thaobh na sráide. Tugadh Lána an tSéipéil Nua ar Shráid Dunbar tráth agus níor lean sé amach chomh fada le Sráid na Dúghlaise i dtosach. Ba lána cúng é a thosaigh ag Cé Sheoirse agus a chríochnaigh ag balla teorann theas an tSéipéil Theas. I dtreo deireadh na 18ú haoise osclaíodh amach é ar Lána an Chamais faoi mar a tugadh air ag an am, Sráid na Dúghlaise anois. Nuair a tógadh an Séipéal Theas i rith Ré na bPéindlíthe i 1766, is cinnte go raibh sé suite ag deireadh an lána agus siar ó thosach an lána d’fhonn a bheith chomh neamhfheiceálach agus ab fhéidir. Bhí cruth L air i dtosach ach is breiseanna a cuireadh leis sa bhliain 1809 agus 1866 a thug an cruth crosdealbhach atá air i láthair na huaire dó. Is é an séipéal Caitliceach is sine sa chathair agus bhí ról tábhachtach aige i gCorcaigh le linn na coimhlinte d’Fhuascailt na gCaitliceach sna 1820aidí.

Ag leanúint na dtreoracha ó phlaic an tSéipéil Theas:

Faoi mar a shroictear Cé Sheoirse, tabhair faoi deara sraith fhoirgnimh a ritheann siar ar thaobh na láimhe clé agus conas a tógadh le héifeacht chéimnithe iad chun iad a choimeád ar aon líne leis an gcé. Ba cheantar an-ghnóthach a bhí san abhainn anseo ar feadh na céadta, le mórán longa ceangailte ar an dá thaobh, ag luchtú agus ag díluchtú a gcuid tairgí. Ag dul soir, gabhtar thar dhá shampla galánta de thithe Seoirseacha dronnaghaidhe na 18ú haoise. Baineadh úsáid as ceann dóibh seo sa 19ú haois mar mhainistir do Chaipisínigh Shéipéal na Tríonóide Naofa trasna na habhann, agus níos déanaí rinneadh teach sagairt de do shagairt an tSéipéil Theas. Ba iad beirt fhigiúirí iomráiteacha a bhain leis an ceantar seo ná an Béaloidesaí Thomas Crofton Croke, a rugadh ar Phlás Buckingham agus an Péintéir Miondeilbhe, Adam Buck, a chreidtear a mhair ann ar feadh roinnt blianta. Is anseo atá teach cónaithe mór na 18ú haoise de chuid James Morrison, atá mar chuid den Choláiste Tráchtála anois, agus níos faide ná sin bhí tithe Seoirseacha breátha a thóg sé ar an Ardán Theas ag deireadh na haoise sin. I rith na 19ú haoise bhí roinnt tionscail mhóra lonnaithe sa cheantar seo, lena n-áirítear monarca gloine, muileann sábhadóireachta, monarcha bagúin, muileann arbhair